**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0382/2023**

30.11.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí agus faireachas margaidh ar an innealra sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020
(COM(2023)0178 – C9-0120/2023 – 2023/0090(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Tom Vandenkendelaere

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................36

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................38

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................39

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........40

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí agus faireachas margaidh ar an innealra sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020**
**(COM(2023)0178 – C9-0120/2023 – 2023/0090(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0178),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0120/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0382/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C xxx, xx;xx;xxxx, lch. x.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***Innealra*** soghluaiste féinghluaiste, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], atá deartha nó déanta chun críche obair a fheidhmiú (‘innealra soghluaiste nach innealra bóthair é’), ***féadfaidh*** gá ***a bheith*** ann an t-innealra sin a ***ghluaiseacht*** ar bhóithre poiblí, cé acu ar uairibh nó go minic, chun aistriú ó aon áit oibre amháin go dtí áit oibre eile go príomha. | (1) ***Maidir le hinnealra*** soghluaiste féinghluaiste, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], atá deartha nó déanta chun críche obair a fheidhmiú (‘innealra soghluaiste nach innealra bóthair é’), ***nó trealamh ar tarraingt, nach gcumhdaítear cheana féin faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) 2018/858, d’fhéadfadh sé go mbeadh*** gá ann an t-innealra ***nó an trealamh*** sin a ***bheith i gcúrsaíocht*** ar bhóithre poiblí, cé acu ar uairibh nó go minic, chun aistriú ó aon áit oibre amháin go dtí áit oibre eile go príomha. |
| [23] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24). | [23] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun críocha fhorbairt agus oibriú mhargadh inmheánach an Aontais, is iomchuí córas cineálcheadaithe comhchuibhithe a bhunú le haghaidh na sábháilteachta ar bhóithre ***poiblí*** i gcás innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá ceaptha le ***cur*** i gcúrsaíocht ar bhóithre | (5) Chun críocha fhorbairt agus oibriú mhargadh inmheánach an Aontais, is iomchuí córas cineálcheadaithe comhchuibhithe a bhunú le haghaidh na sábháilteachta ar bhóithre i gcás innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá ceaptha ***go soiléir*** le ***bheith*** i gcúrsaíocht ar |

| | |
|---|---|
| poiblí. | bhóithre poiblí. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Is é cuspóir an Rialacháin seo aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá beartaithe le bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, ar dócha nach mbeidh sé, i ndáiríre, i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun dul i ngleic le cúrsaíocht bóthair innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é atá deartha agus déanta chun obair a fheidhmiú, agus ní chun oibrithe a iompar, innealra soghluaiste atá feistithe le breis agus trí ionad suí, lena n-áirítear ionad suí an tiománaí, ba cheart ***iad a*** bheith eisiata ón Rialachán seo freisin. | (7) I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun dul i ngleic le cúrsaíocht bóthair innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é atá deartha agus déanta chun obair a fheidhmiú, agus ní chun oibrithe a iompar, innealra soghluaiste atá feistithe le breis agus trí ionad suí ***le linn dó a bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí***, lena n-áirítear ionad suí an tiománaí, ba cheart ***é*** bheith eisiata ón Rialachán seo freisin. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(7a) Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo ach innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chuirtear ar mhargadh an Aontais den chéad uair agus gur innealra soghluaiste nua nach innealra bóthair é arna dhéanamh ag monaróir atá bunaithe san Aontas, nó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, bíodh sé nua nó athláimhe, a allmhairítear ó thríú tír.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(7b) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá beartaithe le bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí beag beann ar an gcaoi a gcumhachtaítear an t-innealra agus, dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith aige freisin maidir le hinnealra leictreach agus innealra hibrideach. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do na ceanglais sábháilteachta leictreacha a bhaineann le tiomáint leictreach a leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(7c) Le tástálacha allamuigh, is féidir innealra a thástáil i gcásanna réadúla,*** |

***mar shampla ar thailte talmhaíochta nó ar láithreáin tógála iomchuí, sula dtugtar isteach go forleathan é, rud a fhágann gur féidir feabhsuithe níos tapúla agus níos fearr a dhéanamh dá bhrí sin. Chun go mbeidh monaróirí in ann tástálacha allamuigh a dhéanamh, ar gné ríthábhachtach de phróiseas forbartha an innealra iad, ba cheart go gceadófaí go gcuirfear innealra soghluaiste nach innealra bóthair é nach bhfuil cineálcheadú AE aige go fóill ar an margadh ar bhonn sealadach. Dá réir sin, maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chuirfear ar an margadh ar bhonn sealadach chun tástálacha allamuigh a dhéanamh ar fhréamhshamhlacha, ba cheart é a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, agus ba cheart an cur ar an margadh sealadach sin a cheadú.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Is féidir ***ceadú*** aonair a bheith úsáideach le haghaidh innealra nach mbíonn i gcúrsaíocht ach i gcríoch aon Bhallstáit amháin, agus ba cheart ***ceadú den sórt*** sin a bheith eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo dá bhrí sin. | (9) Is féidir ***ceaduithe*** aonair a bheith úsáideach le haghaidh innealra nach mbíonn i gcúrsaíocht ach i gcríoch aon Bhallstáit amháin, agus ba cheart ***na ceaduithe*** sin a bheith eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo dá bhrí sin. ***Ba cheart na ceaduithe aonair sin a dheonú i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) I bhfianaise go dtáirgeann fiontair | (10) I bhfianaise go dtáirgeann fiontair |

| | |
|---|---|
| bheaga agus mheánmhéide innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i sraitheanna beaga, nach sáraíonn an líon aonad díobh a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís, ***50*** aonad in aghaidh an chineáil sin, in aghaidh na bliana agus i ngach Ballstát, is iomchuí cineálcheadú náisiúnta ar innealra a tháirgtear i sraitheanna beaga a cheadú agus ba cheart ***é*** sin a bheith eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo dá bhrí sin. Ba cheart don mhonaróir, áfach, a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE ionas go dtairbheoidh sé den tsaorghluaiseacht. | bheaga agus mheánmhéide innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i sraitheanna beaga, nach sáraíonn an líon aonad díobh a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís, ***80*** aonad in aghaidh an chineáil sin, in aghaidh na bliana agus i ngach Ballstát, is iomchuí cineálcheadú náisiúnta ar innealra a tháirgtear i sraitheanna beaga a cheadú agus ba cheart ***an cineálcheadú*** sin a bheith eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo dá bhrí sin. Ba cheart don mhonaróir, áfach, a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE ionas go dtairbheoidh sé den tsaorghluaiseacht. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) I bhfianaise gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, i ngeall ar na toisí iomarcacha a bhíonn i gceist le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é, nach mbeadh so-ionramháilteacht leordhóthanach san innealra sin ar bhóithre poiblí nó, i ngeall ar ***mheáchan nó ar*** a mhaiseanna iomarcacha, go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do dhromchla bóithre poiblí nó do bhonneagar bóthair eile, is iomchuí ***an discréid a sholáthar*** do na Ballstáit chun toirmeasc a chur ar chúrsaíocht innealra den sórt sin, fiú más rud é go mbeidh sé cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. | (11) I bhfianaise gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, i ngeall ar na toisí iomarcacha a bhíonn i gceist le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é, nach mbeadh so-ionramháilteacht leordhóthanach san innealra sin ar bhóithre poiblí nó, i ngeall ar a mhaiseanna iomarcacha, ***ualaí acastóra nó brú teagmhála talún,*** go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do dhromchla bóithre poiblí nó do bhonneagar bóthair eile, is iomchuí ***rogha a thabhairt*** do na Ballstáit chun toirmeasc a chur ar chúrsaíocht innealra den sórt sin, fiú más rud é go mbeidh sé cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an nós imeachta trína ndéantar faireachán ar chomhréireacht táirgthe, atá ar cheann de bhunchlocha an chórais cineálcheadaithe AE, curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú mar is ceart, ba cheart don údarás inniúil nó seirbhís theicniúil a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aici, agus a ainmníodh chun na críche sin, na monaróirí ***a sheiceáil*** go rialta. | (15) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an nós imeachta trína ndéantar faireachán ar chomhréireacht táirgthe, atá ar cheann de bhunchlocha an chórais cineálcheadaithe AE, curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú mar is ceart, ba cheart don údarás inniúil nó seirbhís theicniúil a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aici, agus a ainmníodh chun na críche sin, ***iniúchadh a dhéanamh ar*** na monaróirí go rialta. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní is gá, amhail acmhainní leordhóthanacha buiséadacha, daonna agus ábhartha, lena n-áirítear líon leordhóthanach pearsanra inniúil, saineolas, nósanna imeachta agus socruithe eile, ag a n-údaráis cheadaithe agus ag a n-údaráis um fhaireachas margaidh chun a ndualgais a chomhlíonadh go cuí.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Le go bhféadfaidh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta, chomh maith leis na hoibreoirí eacnamaíocha, ullmhú do chur i bhfeidhm na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, ba cheart dáta cur i bhfeidhm a shocrú a thiocfaidh tar éis dháta an teacht i bhfeidhm. Is gá foráil a dhéanamh freisin maidir le hidirthréimhse lena gceadófar do na monaróirí, le linn na tréimhse sin, an Rialachán seo a chomhlíonadh agus tairbhiú den tsaorghluaiseacht nó an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le cineálcheadú a chomhlíonadh. | (22) Le go bhféadfaidh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta, chomh maith leis na hoibreoirí eacnamaíocha, ullmhú do chur i bhfeidhm na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, ba cheart dáta cur i bhfeidhm a shocrú a thiocfaidh tar éis dháta an teacht i bhfeidhm. Is gá foráil a dhéanamh freisin maidir le hidirthréimhse lena gceadófar do na monaróirí, le linn na tréimhse sin, an Rialachán seo a chomhlíonadh agus tairbhiú den tsaorghluaiseacht nó an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le cineálcheadú a chomhlíonadh. ***Ní bheidh tairbhe ag baint leis an idirthréimhse ach amháin ar choinníoll nach mbeidh ceanglais an Aontais éigeantach ar an*** |

***leibhéal náisiúnta roimh dheireadh na hidirthréimhse. Dá bhrí sin, gan dochar do cheart na mBallstát a reachtaíocht náisiúnta maidir le cineálcheadú a leasú, agus chun ualach díréireach ar údaráis náisiúnta, ar sheirbhísí teicniúla agus ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a ceadú go ndéanfar innealra soghluaiste cineálcheadaithe nach innealra bóthair é atá beartaithe le bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí, a chur ar an margadh, go gclárófar é nó go gcuirfear i seirbhís é i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha is infheidhme roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le trealamh ar tarraingt, i gcás ina gcuirtear ar an margadh é agus ar trealamh é atá beartaithe le bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí, ach sa mhéid nach gcumhdaítear an trealamh sin cheana féin faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) 2018/858.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá feistithe le breis agus trí ionad suí, ***agus*** ionad suí an tiománaí ***san áireamh***; | (b) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá feistithe le breis agus trí ionad suí ***le linn dó a bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí***, ***lena n-áirítear*** ionad suí |

| | |
|---|---|
| | an tiománaí; |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá beartaithe ag an monaróir le haghaidh tástálacha allamuigh a dhéanamh, ar gné ríthábhachtach de phróiseas forbartha an innealra iad.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***A mhéid a bhaineann le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é faoi cheadú aonair, féadfaidh an monaróir, i gcás inarb iomchuí, a roghnú iarratas a dhéanamh ar chineálcheadú AE.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é' aon innealra soghluaiste féinghluaiste, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE, atá deartha nó déanta ***chun*** críche obair a fheidhmiú***;*** | (1) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é' aon innealra soghluaiste féinghluaiste ***ag a bhfuil tiomáint chumhachta***, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE, atá deartha nó déanta críche obair a fheidhmiú ***agus a bhféadfadh sé go mbeadh gá ann, cé acu ar uairibh nó go minic, an t-innealra a bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a tháirgtear i sraitheanna beaga' an cineálcheadú náisiúnta cineáil innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é nach féidir leis an líon aonad díobh a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís, ***50*** aonad in aghaidh an chineáil sin a shárú, in aghaidh na bliana agus i ngach Ballstát; | (3) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a tháirgtear i sraitheanna beaga' an cineálcheadú náisiúnta cineáil innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é nach féidir leis an líon aonad díobh a chuirtear ar fáil ar an margadh, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís, ***80*** aonad in aghaidh an chineáil sin a shárú, in aghaidh na bliana agus i ngach Ballstát; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ciallaíonn 'cineál innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é' ***catagóir nó aicme áirithe d'***innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena n-áirítear malairtí agus leaganacha den innealra sin, a bhfuil na ngnéithe fíor-riachtanacha seo a leanas ar a laghad ag gach ceann díobh: | (23) ciallaíonn 'cineál innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é' innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena n-áirítear malairtí agus leaganacha ***de mhalairtí*** den innealra sin, a bhfuil na ngnéithe fíor-riachtanacha seo a leanas ar a laghad ag gach ceann díobh: |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) catagóir nó aicme,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) fonnadh crann taca/fonnadh le fráma taoibh/fonnadh altach (difríochtaí bunúsacha agus follasacha),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) acastóirí (líon) nó rianta (líon),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) i gcás innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a tógadh go hilchéimneach, monaróir innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é, na céime roimhe sin agus cineál an innealra sin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***inneall*** (dóchán inmheánach/hibrideach/leictreach/hibrideach-leictreach), | (c) ***tiomáint chumhachta*** (dóchán inmheánach/hibrideach/leictreach/hibrideach-leictreach), |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) líon agus socrú sorcóirí,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) difríocht chumhachta nach mó ná 30 % (ní bheidh an chumhacht is airde níos mó ná 1,3 oiread na cumhachta is ísle),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) difríocht toillte na sorcóirí nach mó ná 20 % (ní bheidh an figiúr is airde níos mó ná 1,2 oiread an fhigiúir is ísle),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) acastóirí faoi stiúir (líon agus ionad),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(j) difríocht nach mó ná 10 % idir na huasmhaiseanna ualaithe,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe l**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(l) struchtúr cosanta iompaithe,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe m**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(m) acastóirí a bhfuil coscáin orthu (líon);*** | ***scriosta*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann riosca tromchúiseach' innealra soghluaiste nach innealra bóthair é gurb amhlaidh, bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí ***ina gcuirfear*** san áireamh cineál na guaise agus dóchúlacht a tarlaithe, go mbaineann riosca tromchúiseach leis i ndáil ***leis na*** gnéithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo; | (29) ciallaíonn 'innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann riosca tromchúiseach' innealra soghluaiste nach innealra bóthair é gurb amhlaidh, bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí ***lena gcuirtear*** san áireamh cineál na guaise agus ***an*** dóchúlacht a tarlaithe, go mbaineann riosca tromchúiseach leis i ndáil ***lena chúrsaíocht shábháilte ar bhóithre poiblí agus le*** gnéithe ***eile*** a chumhdaítear leis an Rialachán seo; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hacmhainní is gá ag a n-údaráis cheadaithe agus ag a n-údaráis um fhaireachas margaidh chun a ndualgais a chomhlíonadh go cuí.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i ngeall ar an meáchan nó ***ar*** na maiseanna iomarcacha a bhíonn i gceist leis, ***go bhféadfadh*** an t-innealra damáiste a dhéanamh do dhromchla bóithre poiblí nó do bhonneagar bóthair eile. | (b) i ngeall ar an meáchan ***iomarcach*** nó na maiseanna iomarcacha***, na hualaí acastóra agus an brú teagmhála talún*** a bhíonn i gceist leis, ***d'fhéadfadh*** an t-innealra damáiste a dhéanamh do dhromchla bóithre poiblí nó do bhonneagar bóthair eile***, ach amháin, chun cúrsaíocht ar bhóithre poiblí a theorannú nó a thoirmeasc, má tá ceann de na paraiméadair sin faoi bhun na tairsí arna bunú ag na Ballstáit***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh lena leagtar síos na luachanna tairseacha, lena n-áirítear maidir le huasmhais ualaithe an innealra ar | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh lena leagtar síos na luachanna tairseacha, lena n-áirítear maidir le huasmhais ualaithe an innealra ar |

| | |
|---|---|
| bóthar, ar os a gcionn sin a mheastar toisí, meáchan agus ***maiseanna*** an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é a bheith iomarcach de réir bhrí phointe (a) agus (b) den chéad fhomhír. Féadfar catagóirí nó aicmí an innealra lena mbaineann, nach innealra bóthair é, a leagan síos leis na gníomhartha tarmligthe sin. | bóthar, ar os a gcionn sin a mheastar toisí, meáchan***, maiseanna, ualaí acastóra*** agus ***brú teagmhála talún*** an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é a bheith iomarcach de réir bhrí phointe (a) agus (b) den chéad fhomhír. Féadfar catagóirí nó aicmí an innealra lena mbaineann, nach innealra bóthair é, a leagan síos leis na gníomhartha tarmligthe sin. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist mar ar féidir dul i dteagmháil leo a chur in iúl ar an innealra soghluaiste dá gcuid nach innealra bóthair é nó, mura mbeidh sé sin indéanta, luafar na nithe sin ***ar a phacáistíocht nó*** i ndoiciméad a ghabhann leis an innealra sin. Luafar sa seoladh pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca. | 4. Déanfaidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist mar ar féidir dul i dteagmháil leo a chur in iúl ar an innealra soghluaiste dá gcuid nach innealra bóthair é nó, mura mbeidh sé sin indéanta, luafar na nithe sin i ndoiciméad a ghabhann leis an innealra sin. Luafar sa seoladh pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir. Ní mór na sonraí teagmhála a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh agus údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Monaróirí a bhfuil cúis leordhóthanach acu chun a chreidiúint nach bhfuil innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é agus atá curtha ar fáil ar an margadh acu, i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh | Monaróirí a bhfuil cúis leordhóthanach acu chun a chreidiúint nach bhfuil innealra soghluaiste ***cineálcheadaithe***, nach innealra bóthair é agus atá curtha ar fáil ar an margadh acu, i gcomhréir leis an |

| | |
|---|---|
| siad ***láithreach*** na bearta ceartaitheacha is gá chun an t-innealra soghluaiste sin, nach innealra bóthair é, a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. | Rialachán seo, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá ***láithreach*** chun an t-innealra soghluaiste sin, nach innealra bóthair é, a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí***, agus tabharfaidh siad fógra don úsáideoir faoin neamhchomhréireacht sin***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Monaróirí a bhfuil cúis leordhóthanach acu chun a chreidiúint go mbaineann riosca tromchúiseach le hinnealra soghluaiste, nach innealra bóthair é agus atá curtha ar fáil ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis cheadaithe agus um fhaireachas margaidh na mBallstát, inar cuireadh an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ar fáil ar an margadh, ar an eolas láithreach faoi sin, agus luafaidh siad mionsonraí na ***neamhréireachta*** agus aon bhirt cheartaithigh a rinneadh. | 2. Monaróirí a bhfuil cúis leordhóthanach acu chun a chreidiúint go mbaineann riosca tromchúiseach le hinnealra soghluaiste, nach innealra bóthair é agus atá curtha ar fáil ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis cheadaithe agus um fhaireachas margaidh na mBallstát, inar cuireadh an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ar fáil ar an margadh, ar an eolas láithreach faoi sin, agus luafaidh siad mionsonraí na ***neamhchomhréireachta*** agus aon bhirt cheartaithigh a rinneadh. ***Cuirfidh monaróirí na húsáideoirí ar an eolas láithreach trí mhodhanna iomchuí.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás gearán a bhfuil bunús leis, cuirfidh monaróirí a ndáileoirí agus a n-allmhaireoirí ar an eolas faoi. | I gcás gearán a bhfuil bunús leis, cuirfidh monaróirí a ndáileoirí agus a n-allmhaireoirí ar an eolas faoi***, a luaithe is féidir***. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás ceadaithe, gach faisnéis agus doiciméad is gá a sholáthar don údarás sin chun comhréireacht táirgthe innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é a léiriú; | (b) ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás ceadaithe, gach faisnéis agus doiciméad is gá a sholáthar don údarás sin chun comhréireacht táirgthe innealra shoghluaiste ***cineálcheadaithe*** nach innealra bóthair é a léiriú ***i gcomhréir leis an Rialachán seo***; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1 le haghaidh na ***n-eilimintí*** seo a leanas: | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 a bhaineann le rialacha mionsonraithe ***neamh-idirdhealaitheacha*** maidir leis na ceanglais a ***bhaineann le rioscaí do chúrsaíocht ar bhóithre poiblí a*** leagtar amach i mír 1 le haghaidh na ***ngnéithe*** seo a leanas: |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) sláine struchtúr na feithicle;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (p) maiseanna, lena n-áirítear uasmhais ualaithe ar bóthar; | (p) maiseanna, lena n-áirítear ***an*** uasmhais ualaithe ***atá incheadaithe go teicniúil*** ar bóthar; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 – pointe w**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(w) lámhleabhar an úsáideora leis an innealra a úsáid ar bóthar;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 – pointe y**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (y) ***faisnéis,*** rabhaidh agus marcálacha ar bóthar. | (y) rabhaidh agus marcálacha ar bóthar ***do shoilsiú agus do shuiteálacha soilsithe***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sonrófar*** sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír na haicmí nó na catagóirí lena mbaineann na rialacha mionsonraithe agus féadfar foráil a dhéanamh sna gníomhartha tarmligthe sin maidir le rialacha mionsonraithe difriúla i dtaca le haicmí nó le catagóirí difriúla innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é. | Sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír***, féadfar*** na haicmí nó na catagóirí lena mbaineann na rialacha mionsonraithe ***a shonrú*** agus féadfar foráil a dhéanamh sna gníomhartha tarmligthe sin maidir le rialacha mionsonraithe difriúla i dtaca le haicmí nó le catagóirí difriúla innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i [mír 2] á nglacadh aige, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe sin ailínithe, comhsheasmhach agus comhlántach leis na ceanglais is infheidhme maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é de bhun gníomhartha eile de dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2023/1230.*** |
| | ***Agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear leis na geallsealbhóirí ábhartha.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní dhéanfar innealra soghluaiste**,** nach innealra bóthair é**,** a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú ná a chur i seirbhís, ach amháin i gcás ina mbeidh sé i gcomhréir leis an Rialachán seo. | 1. Ní dhéanfar innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ***atá beartaithe le bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí*** a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú ná a chur i seirbhís, ach amháin i gcás ina mbeidh sé i gcomhréir leis an Rialachán seo. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***an*** dearbhú comhréireachta AE dá | (c) ***cóip den*** dearbhú comhréireachta |

| | |
|---|---|
| ndéantar foráil sa reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais lena gcomhchuibhítear na coinníollacha maidir le táirgí a mhargú; | AE ***d*** dá ndéantar foráil sa reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais lena gcomhchuibhítear na coinníollacha maidir le táirgí a mhargú; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) innéacs ina liostófar inneachar an phacáiste faisnéise agus uimhreacha cuí ***nó marcanna eile air chun na leathanaigh uile a dhéanamh so-aitheanta,*** agus ***leagfar amach gach doiciméad i bhformáid a thaispeánfaidh*** na céimeanna i ndiaidh a chéile a tugadh i mbainistiú an chineálcheadaithe AE, go háirithe na dátaí ar a ndearnadh athbhreithnithe agus ***nuashonrú***. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis atá sa phacáiste faisnéise a choimeád ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis ***chríoch*** bhailíocht an cheadaithe lena mbaineann. | (b) innéacs ina liostófar inneachar an phacáiste faisnéise agus uimhreacha cuí ***air*** agus ***ina dtaispeánfar*** na céimeanna i ndiaidh a chéile a tugadh i mbainistiú an chineálcheadaithe AE, go háirithe na dátaí ar a ndearnadh athbhreithnithe agus ***nuashonruithe***. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe an fhaisnéis atá sa phacáiste faisnéise a choimeád ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis ***dheireadh*** bhailíocht an cheadaithe lena mbaineann. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh údarás ceadaithe a dheonaíonn cineálcheadú AE na bearta is gá***, i gcomhar le húdaráis cheadaithe na mBallstát eile más gá,*** chun a fhíorú go bhfuil socruithe táirgthe oiriúnacha déanta lena áirithiú go ***mbeidh*** an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ***agus*** atá á ***dtairgeadh,*** i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus leis na pleananna rialaithe doiciméadaithe, rud a bheidh le comhaontú le sealbhóir an chineálcheadaithe AE le haghaidh gach | 1. Déanfaidh údarás ceadaithe a dheonaíonn cineálcheadú AE na bearta is gá chun a fhíorú***, go díreach nó ar bhonn an fhíoraithe a rinne údarás ceadaithe Ballstáit eile cheana féin, go*** bhfuil socruithe táirgthe oiriúnacha déanta lena áirithiú go ***bhfuil*** an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá á ***thairgeadh*** i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus leis na pleananna rialaithe doiciméadaithe, rud a bheidh le comhaontú le sealbhóir an chineálcheadaithe AE le haghaidh gach |

| | |
|---|---|
| ceadaithe. | ceadaithe. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, déanfaidh sé na bearta is gá***, i gcomhar le húdaráis cheadaithe na mBallstát eile más gá,*** chun a fhíorú go bhfuil na socruithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 dóthanach i gcónaí ionas go leanfaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá á tháirgeadh de bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus go leanfaidh deimhnithe comhréireachta de bheith ag comhlíonadh Airteagal 27. | 3. Maidir le húdarás ceadaithe a dheonaigh cineálcheadú AE, déanfaidh sé na bearta is gá ***maidir leis an gceadú sin*** chun a fhíorú***,*** go ***díreach nó ar bhonn an fhioraithe a rinne údarás ceadaithe Ballstáit eile cheana féin, go*** bhfuil na socruithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 dóthanach i gcónaí ionas go leanfaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá á tháirgeadh de bheith i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe agus go leanfaidh deimhnithe comhréireachta de bheith ag comhlíonadh Airteagal 27. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 i dtaobh na socruithe mionsonraithe maidir le comhréireacht táirgthe. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 i dtaobh na socruithe mionsonraithe maidir le comhréireacht táirgthe***, amhail na coinníollacha mionsonraithe ar fúthu nach bhféadfaidh na húdaráis cheadaithe diúltú don fhíorú atá déanta cheana ag údarás ceadaithe Ballstáit eile***. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, i gcás na chéad fhomhíre, pointe (b), ***tiocfaidh*** an cineálcheadú AE agus an deimhniú ábhartha ar chineálcheadú AE chun ***bheith*** neamhbhailí ***18 mí*** tar éis dháta infheidhmeachta na gceanglas nua dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b). | Mar sin féin, i gcás na chéad fhomhíre, pointe (b), ***beidh*** an cineálcheadú AE agus an deimhniú ábhartha ar chineálcheadú AE chun ***innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a chur ar an margadh,*** neamhbhailí ***24 mhí*** tar éis dháta infheidhmeachta na gceanglas nua dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b). |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Sonrófar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6, go háirithe, an dáta táirgthe agus uimhir aitheantais ***feithicle*** an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é is deireanaí a táirgeadh. | 7. Sonrófar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6, go háirithe, an dáta táirgthe agus uimhir aitheantais ***uathúil*** an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é is deireanaí a táirgeadh. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh monaróir ***innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é*** pláta reachtúil maille le marcáil a ghreamú de gach innealra soghluaiste nach innealra bóthair é arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe. | 1. Déanfaidh monaróir pláta reachtúil maille le marcáil a ghreamú de gach innealra soghluaiste nach innealra bóthair é arna monarú i gcomhréir leis an gcineál ceadaithe. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más rud é, tar éis dó an mheastóireacht a dhéanamh de bhun Airteagal 31, go gcinnfidh an t-údarás um fhaireachas margaidh go mbaineann riosca tromchúiseach le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é, ceanglóidh sé gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart ceartaitheach is iomchuí a dhéanamh gan mhoill chun a áirithiú nach mbeidh an riosca sin ag baint leis an innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é lena mbaineann, a thuilleadh. | 1. Más rud é, tar éis dó an mheastóireacht a dhéanamh de bhun Airteagal 31, go gcinnfidh an t-údarás um fhaireachas margaidh go mbaineann riosca tromchúiseach le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é ***nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis an Rialachán seo***, ceanglóidh sé gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart ceartaitheach is iomchuí a dhéanamh gan mhoill chun a áirithiú nach mbeidh an riosca sin ag baint leis an innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é lena mbaineann, a thuilleadh ***nó go dtabharfar chun comhréireachta é*. *Beidh an tréimhse sin i gcomhréir le tromchúis an riosca nó na neamhchomhréireachta.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Más rud é, tar éis dó an mheastóireacht a dhéanamh de bhun Airteagal 31, go gcinnfidh an t-údarás um fhaireachas margaidh nach bhfuil innealra soghluaiste nach innealra bóthair é i gcomhréir leis an Rialachán seo agus nach mbaineann riosca tromchúiseach leis dá dtagraítear i mír 1, ceanglóidh sé gan mhoill ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart ceartaitheach is iomchuí a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta chun an t-innealra sin chun comhréireachta. Beidh an tréimhse sin i gcomhréir le tromchúis na neamh-chomhlíontachta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás nach ***ndéanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha bearta ceartaitheacha iomchuí laistigh den tréimhse ***ábhartha dá dtagraítear i míreanna 1*** nó ***2 nó*** i gcás ina ***mbeadh*** gá le gníomh tapa de thoradh an riosca, déanfaidh na húdaráis náisiúnta gach beart sriantach sealadach is iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann a chur ar fáil ar an margadh nó a chlárú, lena n-áirítear toirmeasc ar chúrsaíocht an innealra sin ar bhóithre poiblí, nó an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann a chur i seirbhís, ina margadh náisiúnta féin, nó é a tharraingt siar ón margadh sin nó é a ***aisghlaoch***. | 4. I gcás nach ***ndéanann*** oibreoirí eacnamaíocha bearta ceartaitheacha iomchuí laistigh den tréimhse ***a cheanglaítear*** nó i gcás ina ***bhfuil*** gá le gníomh tapa de thoradh an riosca, déanfaidh na húdaráis náisiúnta gach beart sriantach sealadach is iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann a chur ar fáil ar an margadh nó a chlárú, lena n-áirítear toirmeasc ar chúrsaíocht an innealra sin ar bhóithre poiblí, nó an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann a chur i seirbhís, ina margadh náisiúnta féin, nó é a tharraingt siar ón margadh sin nó é a ***aisghairm***. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an údarás um fhaireachas margaidh a dhéanfaidh bearta ceartaitheacha nó sriantacha i gcomhréir le hAirteagal 32, cuirfidh sé an Coimisiún agus údaráis náisiúnta na mBallstát eile ar an eolas gan mhoill, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2019/1020. | Maidir leis an údarás um fhaireachas margaidh a dhéanfaidh bearta ceartaitheacha nó sriantacha i gcomhréir le hAirteagal 32, cuirfidh sé an Coimisiún agus údaráis náisiúnta na mBallstát eile ar an eolas gan mhoill, tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2019/1020. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Cuirfidh sé an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ***cineálcheadú*** ar an eolas faoina thorthaí freisin. I gcásanna innealra nach innealra bóthair é lena mbaineann riosca tromchúiseach, tabharfar fógra faoi na bearta ***ceartaitheacha nó sriantacha*** tríd an gCóras ***Mear-Mhalartú*** Faisnéise (RAPEX) dá dtagraítear in Airteagal 12 de Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. | Cuirfidh sé an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ***ceadú*** ar an eolas faoina thorthaí ***gan mhoill*** freisin. I gcásanna innealra nach innealra bóthair é lena mbaineann riosca tromchúiseach, tabharfar fógra faoi na bearta ***sin*** tríd an gCóras ***Mearmhalartaithe*** Faisnéise (RAPEX) dá dtagraítear in Airteagal 12 de Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. |
| [31] Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4). | [31] Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4). |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar i gcomhréir leis an gcéad agus leis an dara fomhír na mionsonraí uile atá ar fáil, lena n-áirítear na sonraí is gá chun an t-innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é lena mbaineann, a shainaithint, ***tionscnamh an innealra shoghluaiste sin***, an cineál ***neamh-chomhlíontachta*** a líomhnaítear nó an riosca a bhaineann leis, cineál agus ré na mbeart ***ceartaitheach agus sriantach*** náisiúnta a rinneadh, agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh, nuair a dhéantar amhlaidh. | Áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar i gcomhréir leis an gcéad agus leis an dara fomhír na mionsonraí uile atá ar fáil, lena n-áirítear na sonraí is gá chun an t-innealra soghluaiste, nach innealra bóthair é lena mbaineann, a shainaithint, ***a thionscnamh***, an cineál ***neamhchomhlíonta*** a líomhnaítear nó an riosca a bhaineann leis, cineál agus ré na mbeart náisiúnta a rinneadh, agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh, nuair a dhéantar amhlaidh. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh an Ballstát a dhéanfaidh beart ***ceartaitheach nó sriantach*** le fios an bhfuil aon cheann den dá rud seo ina chúis leis an riosca nó leis an ***neamh-chomhlíontacht***: | 2. Tabharfaidh an Ballstát a dhéanfaidh ***an*** beart le fios an bhfuil aon cheann den dá rud seo ina chúis leis an riosca nó leis an ***neamhchomhlíonadh***: |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Laistigh de mhí amháin tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit, cé is moite den Bhallstát a dhéanfaidh ***beart ceartaitheach nó sriantach***, an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoi aon ***bhearta ceartaitheacha nó sriantacha*** atá glactha acu agus faoi aon fhaisnéis a bhfuil fáil acu uirthi maidir le ***neamh-chomhlíontacht*** nó riosca an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann, agus chomh maith leis sin, sa chás nach n-aontóidh siad leis an mbeart náisiúnta ***ar tugadh*** fógra ***ina leith***, cuirfidh siad ar an eolas iad faoina n-agóidí. | 3. Laistigh de mhí amháin tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 1 ***a fháil***, déanfaidh na Ballstáit, cé is moite den Bhallstát a dhéanfaidh ***bearta***, an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoi aon ***bheart*** atá glactha acu agus faoi aon fhaisnéis a bhfuil fáil acu uirthi maidir le ***neamhchomhlíonadh*** nó riosca an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann, agus chomh maith leis sin, sa chás nach n-aontóidh siad leis an mbeart náisiúnta ***faoina dtugtar*** fógra, cuirfidh siad ar an eolas iad faoina n-agóidí. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Más rud é, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, nach bhfuil aon agóid i leith beart náisiúnta ***dá*** dtugtar fógra déanta ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún, áiritheoidh na Ballstáit eile go ndéanfar bearta ***ceartaitheacha nó sriantacha*** | 4. Más rud é, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, nach bhfuil aon agóid i leith beart náisiúnta ***faoina*** dtugtar fógra déanta ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún, áiritheoidh na Ballstáit eile go ndéanfar bearta comhchosúla gan mhoill laistigh dá |

| | |
|---|---|
| comhchosúla gan mhoill laistigh dá gcríocha i leith an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann. | gcríocha i leith an innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é lena mbaineann. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ar bhonn an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 5, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun cinneadh a dhéanamh maidir le bearta comhchuibhithe ***ceartaitheacha nó sriantacha*** ar leibhéal an Aontais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2). | 6. Ar bhonn an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 5, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun cinneadh a dhéanamh maidir le bearta comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2). |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an monaróir ar fáil d'úsáideoirí gach faisnéis ábhartha agus gach treoir is gá ina mbeidh tuairisc ar aon choinníoll ***speisialta*** nó ar aon srian atá nasctha le húsáid innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é. | 2. Cuirfidh an monaróir ar fáil d'úsáideoirí gach faisnéis ábhartha agus gach treoir is gá ina mbeidh tuairisc ar aon choinníoll nó ar aon srian atá nasctha le húsáid innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é. ***Soláthróidh na húdaráis cheadaithe treoir maidir leis an bhfaisnéis íosta agus na treoracha is gá a chur ar fáil.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 i lámhleabhar an ***úsáideora*** leis an innealra a úsáid ar bóthar. | 3. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 i lámhleabhar an ***oibreora*** leis an innealra a úsáid ar bóthar***, nó mar chuid ar leithligh de threoracha eile don oibreoir***. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i bhformáid páipéir nó leictreonach. | (b) i bhformáid páipéir nó ***nó i bhformáid*** leictreonach ***atá inrochtana go héasca***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a sholáthrófar lámhleabhar an ***úsáideora*** i bhformáid leictreonach, soláthróidh an monaróir faisnéis ***i bhformáid páipéir nó phriontáilte ar an*** mbealach chun rochtain a fháil ar an lámhleabhar sin nó é a aimsiú, i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é le cur ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. | Nuair a sholáthrófar lámhleabhar an ***oibreora*** i bhformáid leictreonach, soláthróidh an monaróir faisnéis ***faoin*** mbealach chun rochtain a fháil ar an lámhleabhar sin nó é a aimsiú, i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-innealra soghluaiste nach innealra bóthair é le cur ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Déanfaidh*** seirbhís theicniúil agus a pearsanra na catagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair leis an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir agus leis an inniúlacht theicniúil is fearr sa réimse sonrach atá i gceist agus beidh sí saor ó gach brú nó gach aslach, go háirithe de chineál airgeadais, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a breithiúnas nó ar thorthaí a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe, go háirithe aon bhrú nó aon aslach ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin. | 6. ***Beidh*** seirbhís theicniúil agus a pearsanra ***neamhspleách agus déanfaidh sí*** na catagóirí gníomhaíochtaí a bhfuil sí ainmnithe faoina gcomhair leis an oiread ionracais ghairmiúil agus is féidir agus leis an inniúlacht theicniúil is fearr sa réimse sonrach atá i gceist agus beidh sí saor ó gach brú nó gach aslach, go háirithe de chineál airgeadais, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a breithiúnas nó ar thorthaí a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe, go háirithe aon bhrú nó aon aslach ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin tuarascáil ***measúnúcháin*** a tharraingt suas lena léireofar go bhfuil measúnú déanta ar an tseirbhís theicniúil is iarrthóir maidir lena bheith ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo agus cheanglais na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfar deimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe a áireamh sa tuarascáil sin. | 1. Déanfaidh an t-údarás ceadaithe ainmniúcháin tuarascáil ***mheasúnachta*** a tharraingt suas lena léireofar go bhfuil measúnú déanta ar an tseirbhís theicniúil is iarrthóir ***agus, i gcás inarb ábhartha, ar aon fhochuideachta nó ar aon fhochonraitheoir,*** maidir lena bheith ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo agus cheanglais na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. Féadfar deimhniú creidiúnaithe arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe a áireamh sa tuarascáil sin. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4(5), Airteagal 15(2), Airteagal 21(9), Airteagal 22(6) agus Airteagal 39 roimh an ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aon uair is ***iomchuí, féadfar a iarraidh ar*** sheirbhísí teicniúla, ***ar*** ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón tionscal agus ó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, agus ***ó pháirtithe leasmhara*** a bhfuil baint acu le cúrsaí sábháilteachta, teacht chuig an bhFóram mar bhreathnóirí i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 6. | Aon uair is ***ábhartha, tabharfar cuireadh do*** sheirbhísí teicniúla, ***d'***ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón tionscal agus ó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, agus ***d'ionadaithe geallsealbhóirí*** a bhfuil baint acu le cúrsaí sábháilteachta ***a bhaineann le cúrsaíocht ar bóthar***, teacht chuig an bhFóram mar bhreathnóirí i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 6. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ón [dáta theacht i bhfeidhm], ní dhiúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheadú AE a dheonú i leith innealra soghluaiste nua nach innealra bóthair é, ná ní chuirfidh siad toirmeasc ar innealra soghluaiste nua nach innealra bóthair é a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís má tá sé i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna*** |

***nglacadh de bhun an Rialacháin seo, má iarrann monaróir amhlaidh.***

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### 1. Cúlra

An 23 Márta 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra le haghaidh Rialachán maidir le ceadú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí agus faireachas margaidh ar an innealra sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann innealra soghluaiste a bheith i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí, cé acu ar uairibh nó go minic, chun aistriú ó aon áit oibre amháin go dtí áit oibre eile go príomha. Díríonn an Coimisiún ar innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a úsáidtear, i measc nithe eile, le haghaidh tógála, talmhaíochta, gairdín, foraoiseachta, láimhseáil ábhar agus feidhmeanna bardasacha (amhail buainteoirí, spraeirí, lódairí, tochaltóirí, craenacha soghluaiste, lomairí marcaíochta, ardaitheoirí, teilealáimhseoirí, scuabadóirí sráide, ardáin ardaithe nó glantóirí sneachta). Is é is aidhm don togra seo bearna a líonadh sa mhargadh aonair, lena ndéantar comóradh 30 bliain ar an margadh aonair i mbliana, don innealra soghluaiste sin nach innealra bóthair é trí chineálcheadú uile-Aontais a thabhairt isteach le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é.

### 2. Dréacht-tuarascáil

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán le cuspóirí foriomlána an Rialacháin atá beartaithe, eadhon comhchuibhiú a dhéanamh ar leibhéal AE ar na ceanglais theicniúla chun innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a cheadú, ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a áirithiú agus deireadh a chur le bacainní ar shaorchúrsaíocht innealra den sórt sin ar Mhargadh Aonair AE trí ilroinnt a laghdú. Tá an Rapóirtéir cinnte de go bhfuil an acmhainneacht iomlán ag an Rialachán atá beartaithe na cuspóirí sin go léir a bhaint amach. I gcomhréir leis na tograí ón gCoimisiún, is mian leis an Rapóirtéir cineálcheadú a dhéanamh níos simplí agus níos comhchuibhithe ar fud an Aontais Eorpaigh, gan oibleagáidí agus riarachán breise nach bhfuil gá leo a chur ar mhonaróirí. Tá an Rapóirtéir suite de gur féidir linn, leis an Rialachán seo, ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh nuair a bhíonn na hinnealraí sin i gcúrsaíocht ar na bóithre.

Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh agus d'fhonn an téacs a fheabhsú tuilleadh, molann an Rapóirtéir sé phríomhathrú ar an téacs:

**I. Raon feidhme soiléir (Airt. 2):** creideann an Rapóirtéir gur cheart innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí tástála allamuigh a dhéanann an monaróir, ar gné ríthábhachtach de phróiseas forbartha an innealra iad, a choinneáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir go mbeadh teanga shoiléir ann maidir leis na rialacha le haghaidh sraitheanna beaga agus ceaduithe aonair, ar cheart deis a bheith ag monaróirí ina leith, fiú tar éis na hidirthréimhse, rogha a dhéanamh idir cineálcheadú náisiúnta nó cineálcheadú AE.

**II. Sainmhíniú níos leithne ar 'cineál' agus ar 'malairt' (Airt. 3):** molann an Rapóirtéir go mbeadh sainmhíniú níos leithne ar *cineál innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é* agus ar *malairt*, chun go mbeadh níos mó solúbthachta ann chun freastal ar mhéideanna beaga agus chun go mbeadh níos mó innealraí comhchosúla ag a bhfuil cineálcheadú AE ag an monaróir

faoin gcineál céanna nó faoin malairt chéanna.

**III. Forluí gan ghá leis an Rialachán maidir le Táirgí Innealra a sheachaint (Airt. 3 agus Airt. 15):** tá an Rapóirtéir suite de nár cheart go mbeadh forluí ann idir an Rialachán seo maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus an Rialachán maidir le Táirgí Innealra atá ar na bacáin. I dtéarmaí rioscaí tromchúiseacha, ar cheart iad a nascadh go soiléir le cúrsaíocht ar bhóithre poiblí, agus i dtéarmaí ceanglas teicniúil, a bhfuil cuid acu clúdaithe go leordhóthanach cheana féin leis an Rialachán maidir le Táirgí Innealra.

**IV. Aga tionscanta comhchuibhithe níos faide maidir le bailíocht na gcineálacha atá ann cheana (Airt. 16):** tacaíonn an Rapóirtéir le haga tionscanta comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le bailíocht cineálacha atá ann cheana nuair a thugtar ceanglais nua isteach ar leibhéal AE. Mar sin féin, i gcás innealraí séasúracha, amhail innealra talmhaíochta sonrach, ba cheart síneadh 6 mhí a chur leis an tréimhse 18 mí sa togra le haghaidh Rialacháin ionas go mbeadh 24 mhí i gceist. Is é seo deireadh na tréimhse ama sraithe a deonaíodh do tharracóirí cheana féin agus tá údar leis sin toisc gur gá dhá shéasúr ar a laghad le ceanglais nua a thástáil agus a bhailíochtú.

**V. Glacadh éigeantach le ceadú socruithe leormhaithe táirgthe (Airt. 22):** cé nach gcuireann an Coimisiún, maidir le socruithe i dtaca le comhréireacht táirgthe, ach oibleagáid ar údaráis cheadaithe comhoibriú le húdaráis cheadaithe na mBallstát eile, tá an Rapóirtéir suite de gur cheart do Bhallstát eile glacadh go héasca leis an gceadú a rinne Ballstát amháin faoi na coinníollacha arna sonrú ag an gCoimisiún i ngníomh tarmligthe.

**VI. Rannpháirtíocht geallsealbhóirí tionscail (Airt. 46 agus Airt. 49):** measann an Rapóirtéir go bhfuil gá le rannpháirtíocht níos láidre ón tionscal. Dá bhrí sin, sa nós imeachta coiste agus san fhóram nuabhunaithe araon, neartaigh an Rapóirtéir an teanga maidir le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí tionscail ó na hearnálacha ábhartha uile.

**3. Conclúidí**

Ós rud é go raibh an plé ar chineálcheadú AE le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é ina ábhar díospóireachta idir geallsealbhóirí agus an Coimisiún Eorpach le fada, is cúis áthais don Rapóirtéir go bhfuil an togra sármhaith seo á phlé ar deireadh. Tá muinín ag an Rapóirtéir go nglacfaidh na Ballstáit leis sin agus go gcuirfidh siad tuilleadh le neartú an mhargaidh inmheánaigh do na hinnealraí sin.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú acu, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Belgian Mission to the EU |
| CECE - Committee for European Construction Equipment |
| AVR |
| CEMA - European Agricultural Machinery Industry Association |
| AGORIA |
| EUnited aisbl - European Engineering Industries Association |
| ETUC - European Trade Union Confederation |
| FEM aisbl - European Materials Handling Federation |
| Regulatory Institute ASBL |
| Permanent Representation of the Kingdom of the Netherlands to the European Union |

Rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Ceadú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí agus faireachas margaidh ar an innealra sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0178 – C9-0120/2023 – 2023/0090(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 30.3.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>17.4.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>17.4.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>27.4.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Tom Vandenkendelaere<br>24.5.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 17.7.2023 9.10.2023 25.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francisco Guerreiro, Ivars Ijabs, Kosma Złotowski, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Petar Vitanov, Stefania Zambelli |
| **Dáta don chur síos** | 1.12.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek, Kosma Złotowski |
| ID | Alessandra Basso, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann, Stefania Zambelli |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Ivars Ijabs, Marco Zullo |
| S&D | João Albuquerque, Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose, Petar Vitanov |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Francisco Guerreiro, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 2 | - |
|---|---|
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh